



Aighneacht

Comhairliúchán Poiblí Údarás Craolacháin na hÉireann

Beartas um Mheáin Pobail

Aibreán 2021

CÚLRA

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus is iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Beartas um Mheáin Pobail Údarás Craolacháin na hÉireann.

Tuigeann Conradh na Gaeilge an ról tábhachtach atá ag na meáin phobail i gcur chun cinn na Gaeilge go háitiúil agus a thugann deiseanna sna meáin do chainteoirí Gaeilge. Gan na meáin phobail ní bheadh stáisiún raidió ar nós Raidió na Life, Raidió na dTreabh ná Raidió Fáilte mar rogha stáisiún raidió do chainteoirí Gaeilge sna cathracha sin.

DEARCTHAÍ AN PHOBAIL



Ní amháin go bhfuil dualgais reachtúla ar chomhlachtaí poiblí seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ach léiríonn taighde gur mhaith le daoine é seo a fheiceáil agus go gcreideann siad gur chóir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Léiríonn na staitisticí thíos¹ gur mhaith leis an phobal a fheiceáil go bhfuil comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Creideann nach mór leath ó thuaidh agus beirt i ngach triúr ó dheas gur cheart don Stát níos mó tacaíochta a thabhairt don Ghaeilge; méadú suntasach ó 2015.

Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+ (ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

"Ba cheart go gcuirfeadh an Stát níos mó tacaíochta ar fáil don Ghaeilge."




Láithrín () samraí 2015

Creideann seachtar i ngach deichniúr gur cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+ (ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

"Ba cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid."



Láithrín () samraí 2015

¹ Foinse: Céard é an Scéal? Dearcthaí an Phobail i leith na Gaeilge 2018 agus 2019, Conradh na Gaeilge

Seirbhísí as Gaeilge

D'Iarr duine as seisear seirbhísí as Gaeilge, le duine as fiche ó thuaidh



KANTAR MILWARDBROWN

C 2 Cé chomh láidir is a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis na rátaí a leanas... Táim tar éis seirbhísí trí Ghaeilge a tairbhí an Stáit nó á chomhlacht seirbhísí poiblí. Bonn: Gach duine fásra thar 16 bliana d'aois (Ó Dheas=1,011, Ó Thuaidh=1,022)

17

Léiríonn na staitisticí seo thuas² gur mhaith leis an phobal a fheiceáil go bhfuil comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

SUÍOMH SOCHTHEANGEOLAÍOCHTA NA MEÁIN

Tá 23 aschur meáin phobail ann a bhfuil ceadúnas acu ón Údarás Craolacháin na hÉireann. Astu siúd uile níl ach aschur amháin ag craoladh as Gaeilge (Raidió na Life) agus ceann eile atá dátheangach (Near FM). Is teanga mionlaithe í an Ghaeilge. An fáth le seo ná go ndéantar imeallú ar an teanga ó chinntí a ghactar. As 23 aschur rinne an tÚdarás Craolacháin na hÉireann cinneadh go mbeidh ceadúnas tugtha do 22 stáisiún (96%) ag craoladh trí mheán an Bhéarla go príomha. Tá rogha leathan ann do lucht féachana agus éisteachta idir na stáisiúin phobail, tráchtála agus stáit ag craoladh sa tír seo as Béarla. Agus tá fáil ag an bpobal ar na céadta stáisiún teilifíse agus ar na míle stáisiúin raidió as Béarla ar fud an domhain. Mura bhfuil craolachán á dhéanamh trí Ghaeilge in Éirinn, ní bheidh sí á chraoladh in aon áit eile. Creideann an Conradh, mar sin, go bhfuil dualgas faoi leith ar Údarás Craolacháin na hÉireann a chinntiú go mbeidh go leor Gaeilge craolta ar na stáisiúin teilifíse agus stáisiúin raidió. Ba chóir don Údarás Craolacháin na hÉireann measúnú sochtheangeolaíochta ar thionchar na meáin ar phatrún labhartha an phobail a dhéanamh.

MOLTAÍ

- Ba chóir go mbeidh measúnú sochtheangeolaíochta ar thionchar na meáin ar theanga labhartha an pobal.
- Ba chóir an céatadán den chraolachán trí Ghaeilge a ardú i ngach stáisiún pobail. Tá 3:30 uair a chloig de chraolachán as Gaeilge sa tseachtain ar a mheán ar gach stáisiún raidió de réir taighde Walsh agus Day faoi úsáid na Gaeilge ar an raidió ó 2017. Tá an céatadán sin, 2%, i bhfad ró-íseal agus ba chóir go

²Foinse: *Céard é an Scéal? Dearcthaí an Phobail i leith na Gaeilge 2018 agus 2019*, Conradh na Gaeilge

mbeidh 5% de chraolachán as Gaeilge, 8:30 uair a chloig, mar an gcéad sprioc. Níl aon chéatadán de chraolachán leagtha síos ag an Údarás faoi láthair.

- Ba chóir fáil réidh leis an táille d'Údarás Craolacháin na hÉireann a ghearrtar ar chraoltóirí raidió ar nós Raidió na Life, rud a chabhródh leo cur leis an soláthar agus réimse clár a chuireann siad ar fáil
- Má tá moil mheáin phobail le tógáil caithfear a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge san áireamh i dtaobh traenáil, léiriúcháin agus craolacháin i ngach ceann.
- Beidh clubanna óige Gaeilge, gaelscoileanna, gaelcholáistí, craobhacha de Chonradh na Gaeilge, coistí Ghlór na nGael agus aon eagraíocht Gaeilge eile mar fhoinsí do chlár do na mionphobail stáisiún raidió.
- Ba chóir go gcuirfear ceadúnas FM ar fáil go náisiúnta do sheirbhís raidió as Gaeilge don aos óg, mar atá á chraoladh ag Raidió Rí-Rá faoi láthair. D'fheadfadh seo a bheith mar cheadúnas idir pobail agus eile.